Aerfort Dhún na nGall
Donegal Airport

+353 (0) 74 9548284
+353 (0) 74 9548232

www.donegalairport.ie
info@donegalairport.ie

Carraig Fhinne, Cionn Caslach,
Co. Dhún na nGall, F94X2RH

**Cur síos ar an phost**

Tá Aerphort Dhún na nGall Teo / Aerfort Dhún na nGall ag lorg duine gairmiúil a bhfuil taithí chuí aige/aici chun ár gcóras cuntasaíochta a bhainistiú. Is post buan lánaimseartha é seo atá lonnaithe ar an láthair ina mbeidh ról lárnach ag an iarrthóir tacú le haerfort réigiúnach ríthábhachtach barr feabhais a bhaint amach ina gcórais airgeadais agus oibríochtúla. Sin ráite, d'fhéadfadh Bord an Aerfoirt amharc ar shocrú páirtaimseartha d'iarrthóir eisceachtúil d'fhonn aistriú go lánaimseartha in am trátha. Ag tuairisciú go díreach don Stiúrthóir Bainistíochta agus don Bhord Stiúrthóirí, déanfaidh Bainisteoir na gCuntas maoirseacht ar gach gné den chóras bainistíochta airgeadais, den chóras comhlíonta agus den chóras tuairiscithe. Tá an ról seo oiriúnach do dhuine a n-éiríonn go maith leis/léi i dtimpeallacht theagmhálach agus a dtaitníonn obair trasfheidhmeach leis /léi idir airgeadais, párolla agus acmhainní daonna.

**Príomhfhreagrachtaí:**

- · Cinntiú go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus córais leordhóthanacha i bhfeidhm chun leabhair agus taifid chuí a choinneáil agus chun córais chuntasaíochta inmheánacha leordhóthanacha a chur ar fáil.
- · Cuntais bhainistíochta mhíosúla mhionsonraithe a ullmhú don chuideachta.
- · Buiséid bhliantúla, ráitis rialta maidir le réamhaisnéis rollach agus nuashonruithe ar an phlean gnó a ullmhú.
- · Cinntiú go ndéantar gach tuairisceán cánach riachtanach lena n-áirítear tuairisceáin CBL, tuairisceáin ÍMAT/ÁSPC, tuairisceáin CCI agus rl., agus aon tuairisceán reachtúil eile a éilíonn údaráis rialála a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cuí go tráthúil.
- · Córas párolla na cuideachta a bhainistiú.
- · Iarratais ar mhaoiniú a ullmhú le haghaidh scéimeanna maoinithe éagsúla.
- · Próisis rialaithe costais agus bearta éifeachtacha a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm.
- · Cinntiú go bhfuil miontuairiscí an Bhoird in ord agus ábhair rúnaíochta na cuideachta coinnithe cothrom le dáta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO)
- · Caidreamh a dhéanamh le hiniúchóirí maidir le hullmhú agus iniúchadh chuntais reachtúla bhliantúla agus nithe gaolmhara.

Dualgais Acmhainní Daonna lena n-áirítear taifid acmhainní daonna a choinneáil, beartais acmhainní daonna a athbhreithniú, a nuashonrú
agus a chur chun feidhme de réir reachtaíochta, fostaithe úra a ionduchtú, cumarsáid idir fostaithe agus bainistíocht a éascú, agus réiteach coinbhleachta.

**Bunriachtanais:**

- Duine atá ina chuntasóir cáilithe nó páirtcháilithe (le haon cheann de na heagraíochtaí cuntasaíochta aitheanta) a bhfuil taithí ábhartha aige/aici
- Taithí chruthaithe i ról cuntasaíochta agus Acmhainní Daonna
- Scileanna láidre TF lena n-áirítear MS Office (Outlook, Word, Excel, PowerPoint). Bheadh inniúlacht i gcóras Sage 50 ina bhuntáiste ar leith.
- Sárscileanna cumarsáide labhartha agus scríofa, mar aon le scileanna maithe cur i láthair
- Cruinneas agus aird ar mhionsonraí ina c(h)uid oibre
- An cumas a bheith ag obair de réir spriocdhátaí

**Inmhianaithe:**

Líofacht Gaeilge

**Buntáistí:**

- Tuarastal Iomaíoch
- Pinsean cuideachta
- Scéim rothaíochta chun na hoibre
- Deiseanna oiliúna agus forbartha

**Cineál Poist:** Lánaimseartha, Buan (ach d'fhéadfaí amharc ar shocrú páirtaimseartha)
**Pá:** Le plé, bunaithe ar thaithí iarrthóra
**Láthair:** Oifigbhunaithe

Iarratas trí ríomhphost amháin, mar aon le CV agus litir chumhdaigh chuig: **recruitment@donegalairport.ie**

**DÁTA DEIRIDH: 31 EANÁIR 2026**